Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10511/22**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0190(NLE)**

**TRANS 427**
**MAR 133**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 290 final - IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin maidir le glacadh an Rialacháin athbhreithnithe maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin (RPN) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 290 final - IARSCRÍBHINN.

Faoi iamh: COM(2022) 290 final - IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.6.2022
COM(2022) 290 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin maidir le glacadh an Rialacháin athbhreithnithe maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin (RPN)**

# IARSCRÍBHINN

Déanfar an dréacht-Rialachán athbhreithnithe maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin (RPN) a mhodhnú mar a leanas:

In Airteagal 3.02, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

> ‘1. Ar an Réin tá teastais cáilíochta an Aontais, leabhair taifid seirbhíse agus logleabhair bailí de bhua Threoir (AE) 2017/2397, mar aon le teastais cáilíochta, leabhair taifid seirbhíse agus logleabhair de bhua an Rialacháin seo, **gan dochar don Treoir sin nuair is infheidhme í, go háirithe Airteagal 10 de**.
>
> **I gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo agus le forálacha na dTreoracha nuair is infheidhme í**, ba cheart a bheith in ann ~~An~~**an** cháilíocht i gcomhair post ar bord atá ag na daoine seo a leanas a fhianú tráth ar bith:
>
> a) an tiománaí, trí úsáid a bhaint as teastas cáilíochta tiománaí do chineál agus do thoisí an tsoithigh lena mbaineann nó teastas cáilíochta tiománaí de chuid an Aontais, agus i gcás inar gá, na húdaruithe sonracha riachtanacha ag gabháil leis ;
>
> b) na baill eile den fhoireann, trí úsáid a bhaint as leabhar taifid seirbhíse atá bailí arna eisiúint dóibh agus a bhfuil teastas cáilíochta **nó teastas cáilíochta de chuid an Aontais** ann;
>
> c) saineolaithe ar loingseoireacht paisinéirí agus saineolaithe ar ghás nádúrtha leachtaithe, trí theastas cáilíochta nó teastas cáilíochta de chuid an Aontais, chomh maith le hoibrithe éigeandála, iompróirí gaireas análaithe agus an fhoireann slándála ar bord soithí a iompraíonn earraí contúirteacha, trí theastas atá ábhartha do na hoibríochtaí sonracha sin.
>
> De mhaolú ar fhomhíreanna b) agus c), féadfaidh baill fhoireann na long farraige a bhíonn ag seoladh ar an Réin, cé is moite den tiománaí, a gcáilíocht a fhianú trí theastas arna eisiúint nó arna aithint i gcomhréir le Coinbhinsiún STCW a chur i láthair.’ ;
>
> In Airteagal 5.01, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 6:
>
> ‘3. Tá an t-údarás inniúil freagrach as sonraí ginearálta agus víosaí rialaithe. Chuige sin, beidh sé i dteideal a iarraidh go gcuirfí isteach logleabhair iomlána nó sleachta díobh, nó doiciméid tacaíochta iomchuí eile. Ní fhéadfaidh sé an víosa rialaithe a ghreamú ach amháin do thurais a tharla laistigh de na 15 mhí dheireanacha. ~~Tá an tiománaí freagrach as sonraí sonracha a bhaineann le turais arna ndéanamh a thaifeadadh.~~’ ;
>
> ‘6. **I gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo agus le forálacha Threoir (AE) 2017/2397 nuair is infheidhme í, tá an tiománaí freagrach as sonraí sonracha a bhaineann le turais arna ndéanamh a thaifeadadh.** Ní mór don tiománaí an méid seo a leanas a dhéanamh:
>
> a) gach iontráil a thaifeadadh go rialta sa leabhar taifid seirbhíse i gcomhréir leis na treoracha chun an leabhar taifid seirbhíse atá sna leabhair taifid seirbhíse a choimeád ;
>
> b) an leabhar taifid seirbhíse a choimeád in áit shábháilte sa chábán stiúrach go dtí deireadh na seirbhíse nó deireadh an chonartha fostaíochta nó aon socrú eile ;

c) arna iarraidh sin ag an gConraitheoir, déanfaidh sé an leabhar taifid seirbhíse a sheachadadh ar an gConraitheoir gan mhoill agus ag tráth ar bith.' ;

In Airteagal 13.01, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. ~~Duine ar bith a thiomáineann~~ **I gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo agus le forálacha Threoir (AE) 2017/2397 nuair is infheidhme í, tá údarú sonrach de dhíth chun** soitheach a thiomáint mar phríomhthiománaí freagrach sna cásanna seo a leanas:

a) loingsíonn sé trí radar ;

b) loingsíonn sé ar uiscebhealaí a shainaithnítear mar stráicí d'uiscebhealaí intíre lena ngabhann rioscaí sonracha ;

c) loingsíonn sé ar uiscebhealaí a rangaíodh mar uiscebhealaí intíre de chineál muirí ;

d) tiomáineann sé soithí a úsáideann gás nádúrtha leachtaithe mar bhreosla, nó

e) tiomáineann sé conbhuanna móra.' ;

In Airteagal 13.02, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. ~~Duine ar bith a thiomáineann~~ ~~soitheach agus a loingsíonn~~ Teastaíonn údarú sonrach chun **loingseoireacht radair** a dhéanamh dá bhforáiltear sna Rialacháin Phóilíneachta um Loingseoireacht ar an Réin (RPNR) ~~don loingseoireacht radair~~.' ;

In Airteagal 13.03, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. ~~Duine ar bith a thiomáineann~~ Teastaíonn údarú sonrach chun na críche sin chun soitheach **a thiomáint** ar uiscebhealach a shainaithnítear mar stráice d'uiscebhealach intíre lena ngabhann rioscaí sonracha de réir bhrí roinn 2 thíos ~~don stráice d'uiscebhealach intíre sin~~.' ;

'2. I gcás inar gá sin chun sábháilteacht na loingseoireachta a áirithiú**, agus gan dochar do Threoir (AE) 2017/2397 nuair is infheidhme í,** féadfaidh Stáit chósta codanna a théann trína gcríoch féin mar stráicí d'uiscebhealaí intíre lena ngabhann rioscaí sonracha a shainaithint, i gcás inar ceann amháin nó níos mó de na cúiseanna seo a leanas atá leis na rioscaí sin:

a) patrúin srutha agus luas a athraíonn go minic ;

b) tá saintréithe hidreamoirfeolaíocha ag an uiscebhealach intíre agus ní ann do Sheirbhísí cuí Faisnéise Seolbhealaí maidir leis an uiscebhealach intíre ná do chairteacha oiriúnacha ;

c) tá rialachán sonrach áitiúil tráchta i bhfeidhm a bhfuil bonn cirt leis mar gheall ar shaintréithe hidreamoirfeolaíocha an uiscebhealaigh intíre; nó

d) minicíocht ard timpistí ar stráice ar leith den uiscebhealach intíre, mar gheall ar an easpa inniúlachta nach gcumhdaítear le ES-QIN, Cuid I, Caibidil 2.' ;

In Airteagal 13.04, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. ~~Duine ar bith a thiomáineann~~ Teastaíonn údarú sonrach chun soitheach **a thiomáint** ar uiscebhealaí intíre ~~chun árthach a oibriú ar uiscebhealaí intíre de chineál muirí~~.’;

In Airteagal 13.05, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. ~~Duine ar bith a thiomáineann~~ Teastaíonn údarú sonrach chun soitheach a úsáideann gás nádúrtha leachtaithe mar bhreosla **a thiomáint** ~~chun soithí den chineál sin a thiomáint~~. Tá teastas cáilíochta comhfhreagrach mar shaineolaí ar ghás nádúrtha leachtaithe ina fhianaise air sin.’ ;

In Airteagal 13.06, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. ~~Duine ar bith a thiomáineann~~ Teastaíonn údarú sonrach chun conbhua mór **a thiomáint** ~~chun conbhuanna den chineál sin a thiomáint~~.

Beidh gach iarratasóir in ann tréimhse loingseoireachta 720 lá ar a laghad a fhianú, lena n-áirítear 540 lá ar a laghad mar thiománaí agus 180 lá ar a laghad ina ndearna sé cinneadh ina aonar maidir le cúrsa agus luas conbhua mhóir.’ ;

In Airteagal 20.01, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Leabhair taifid seirbhíse a eisíodh **nó ar cuireadh síneadh lena mbailíocht** i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme go dtí go dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ~~nó ar cuireadh síneadh lena mbailíocht~~, leanfaidh siad de bheith bailí a mhéid a chinnfear leis na ceanglais sin go dtí a ndáta éaga tosaigh, ach tráth nach déanaí ná an 17 Eanáir 2032. Tá feidhm ag abairt 1 thuas maidir le leabhair taifid seirbhíse a shainaithníonn CCNR a bheith comhionann.’ ;

In Airteagal 20.02, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Logleabhair a eisíodh **nó ar cuireadh síneadh lena mbailíocht** i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme go dtí go dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ~~nó ar cuireadh síneadh lena mbailíocht~~, leanfaidh siad de bheith bailí a mhéid a chinnfear leis na ceanglais sin go dtí a ndáta éaga tosaigh, ach tráth nach déanaí ná an 17 Eanáir 2032. Tá feidhm ag abairt 1 thuas maidir le logleabhair a shainaithníonn CCNR a bheith comhionann.’ ;

In Airteagal 20.03, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Paitinní móra nó beaga maidir leis an Réin **a eisíodh nó ar cuireadh síneadh lena mbailíocht** i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme go dtí go dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ~~nó ar cuireadh síneadh lena mbailíocht~~, leanfaidh siad de bheith bailí a mhéid a chinnfear leis na ceanglais sin go dtí a ndáta éaga tosaigh, ach tráth nach déanaí ná an 17 Eanáir 2032.’ ;

In Airteagal 20.08, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

Féadfaidh baill foirne de shoithí farraige atá i mbun loingseoireachta ar an Réin a n-inniúlacht a fhianú trí bhíthin teastas arna eisiúint nó arna aithint i gcomhréir le Coinbhinsiún STCW. Ní bheidh feidhm ag an méid sin maidir leis an tiománaí ach go dtí an 17 Eanáir 2038 **agus ar choinníoll go ndéantar an ghníomhaíocht loingseoireachta intíre ag tús nó ag deireadh turais iompair mhuirí**.’.